



An
Bord
Pleanála


Cód Iompraíochta

Do Chomhaltaí an Bhoird, Fostaithe agus
Daoine Áirithe Eile

Faoi mar a ghlac an Bord Pleanála é an 29
Meitheamh 2023.

Dáta Tosaithe: 1 Meán Fómhair 2023

An Bord Pleanála



An Bord Pleanála

An Clár

1. Réamhrá	4
2. Nochtadh Leasanna / Coinbhleachtaí	10
3. Sannadh Comhad nó Cásanna	19
4. Coinbhleacht Leasa.....	21
5. Cumarsáid Mhíchuí	22
6. Ballraíocht in Eagraíochtaí, Comhlachais agus Comhlachtaí Eile	23
7. Ballraíocht / Leasanna Airgeadais i gCuideachtaí, Comhpháirtíochtaí nó Comhlachtaí Eile	24
8. Obair a Dhéanamh Le linn agus Tar éis Ballraíochta/Fostaíochta	24
9. Bronntanais	25
10. Éifeachtúlacht Airgeadais, Éilimh do Chostais agus Cosc Calaoise.....	25
11. Úsáid / Nochtadh Faisnéise / Foilsiú Tuairimí	26
12. Barúlacha/Aighneachtaí ó Chomhaltaí/Bhaill Foirne den Bhord.....	28
13. Soláthar Poiblí	28
14. Cruinneas Faisnéise.....	28
15. Obair / Timpeallacht Sheachtrach – Meas ar Dhaoine Eile agus ar Phobal	29

Rialú Doiciméad

Suíomh

Foilseofar an leagan is déanaí den Chód Iompraíochta ar www.pleanala.ie.

Ceadú

Ghlac an Bord an leagan is déanaí den Chód Iompraíochta an 29 Meitheamh 2023.

Príomhtheachtaireachtaí

Leagtar amach sa Chód roinnt riachtanas do dhaoine atá ag obair sa Bhord Pleanála.

Tá na ceanglais sin ann chun a chinntiú

- go ndéantar obair an Bhoird ar bhealach ceart, agus
- go seachnaímid an baol go mbeidh coinbhleachtaí leasa ag daoine atá ag obair ar chásanna sa Bhord, trí úinéireacht réadmhaoine nó trí chaidreamh nó pearsanta.

Is ortsa atá an fhreagracht phearsanta an Cód seo, atá mar chuid de do chonradh fostaíochta nó oifige, a chomhlíonadh.

Ní mór duit a chinntiú freisin go bhfuil tú eolach ar na ceanglais reachtúla is infheidhme maidir le coinbhleachtaí leasa, go gcomhlíonann tú iad agus go bhfuil aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú le cur isteach i gclár leasanna an Bhoird Pleanála cruinn agus cothrom le dáta.

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara freisin gur cion é gan oibleagáidí nochta faoi na reachtanna ábhartha a chomhlíonadh.

1. Réamhrá

1.1 Cúlra an Bhoird Phleanála

Bunaíodh an Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus is air atá an cúram as achomhairc agus gnóthaí eile a chinneadh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus faoi reachtaíocht ghaolmhar, agus as iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna ag an mBord chun achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) agus Achtanna um Rialú Foirgníochta.

Is é an Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil maidir le Tionscadail Leasa Choitinn faoi Rialachán 374/2013 na hEorpa a phléann le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach.

1.2 Ráiteas Misin an Bhoird Phleanála

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtach agus oscailte, lena chinntiú go n-urramaíonn forbairt fhisiciúil agus mórhionscadail bhonneagair in Éirinn prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

1.3 Luachanna an Bhoird Pleanála

Tá luachanna i bpáirt ag an mBord Pleanála leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne:

- Éiteas láidir seirbhíse poiblí d'ionracas, neamhspleáchas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas,
- Cultúr trédhearcachta, cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead, agus
- Tiomantas do na caighdeáin is airde ceannaireachta, gairmiúlachta agus cruinnis.

Go sonrach, maidir lena fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, glacann an Bord Pleanála na luachanna uileghabhálacha seo a leanas:

Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht

Geallann an Bord Pleanála a neamhspleáchas ina fheidhmeanna cinnteoireachta a chaomhnú agus a chosaint agus cinntiú go mbíonn gach cinneadh a dhéanann sé bunaithe ar mheasúnú neamhchlaon den chás.

Gairmiúlachas agus Macántacht

Is mór ag an mBord saineolas gairmiúil, ionracas, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí chomhaltaí agus foireann an Bhoird.

Rannpháirtíocht agus Trédhearcacht

Geallann an Bord Pleanála an t-uasmhéid cuntasachta ina oibríochtaí ar aon dul le nádúr gar-bhreithiúnach a fheidhmeanna reachtúla agus a chinntiú go gcuireann a nósanna imeachta ar chumas an phobail a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa chóras pleanála.

Meas, Dínit, Cothromaíocht agus Cothroime

Geallann an Bord Pleanála cultúr measa, dínite, comhionannais agus cothroime a chur chun cinn i ngach teagmháil a bhíonn aige leis an bpobal agus ina theagmháil lena chomhaltaí/bhaill foirne féin agus eatarthu.

Sársheirbhís do Chustaiméirí agus Nuáil

Tá an Bord Pleanála feasach ar an ngá atá le cinntiú go mbíonn an tseirbhís do chustaiméirí ailínithe leis an méid a mbítear ag súil leis agus le dea-chleachtas agus geallann sé a bheith fáilteach roimh shlite nua chun soláthar na seirbhíse a fheabhsú.

1.4 An Cúlra leis an gCód Iompraíochta seo

Ceanglaíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú (an **“tAcht Pleanála”**), ar an mBord Pleanála cód iompraíochta a ghlacadh maidir le déileáil le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chothú in iomláine na slí a sheoltar gnó an Bhoird.

Ag teacht leis an gceanglas reachtúil seo, leagtar amach sa Chód seo ráiteas scríofa ar bheartais an Bhoird Pleanála maidir le:

- leasanna agus caidreamh a nochtadh nuair a bhaineann na leasanna agus an caidreamh le hobair an Bhoird Phleanála;
- ballraíocht in eagraíochtaí, comhlachais agus comhlachtaí eile, gairmiúla nó eile;
- ballraíocht i gcuideachtaí, comhpháirtíochtaí nó comhlachtaí eile, nó leasanna airgeadais a bheith acu iontu;
- obair a dhéanamh, nach obair thar ceann an Bhoird Phleanála í, le linn agus tar éis aon tréimhse fostaíochta leis an mBord Pleanála, cibé acu mar chomhairleoir nó eile;
- bronnánais, urraíocht, luach saothair nó fabhar a ghlacadh;
- faisnéis maidir le nithe a bhaineann le hobair an Bhoird Pleanála a nochtadh; agus
- nósanna imeachta cearta maidir le feidhmeanna an Bhoird Phleanála, lena n-áirítear próiseáil iarratais phleanála agus nochtadh ó chomhaltaí agus ó fhostaithe den Bhord d’aon uiríll a dhéantar leo, i scríbhinn nó ar shlí eile, maidir leis na hábhair sin.

Ionchorpraíonn na beartais atá leagtha amach sa Chód seo maidir le leasanna agus caidreamh a nochtadh ceanglais reachtúla maidir le leasanna a nochtadh faoin Acht Pleanála agus faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (**“EIOP”**).

Ina theannta sin, cuireann an Cód seo san áireamh prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Lúnasa 2016) (**“Cód Rialachais na gComhlachtaí Stáit”**).

Ag féachaint do nádúr na bhfeidhmeanna gar-bhreithiúnacha a chomhlíonann an Bord Pleanála agus chun na caighdeáin is airde ionracais agus neamhchlaontachta a léiriú i gcomhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird Phleanála, tá beartais agus forálacha suntasacha breise sa Chód Iompraíochta seo freisin de bhreis ar na ceanglais faoin Acht Pleanála, an EIOP agus Cód Rialachais na gComhlachtaí Stáit agus mar aon leo.

Ní mór do gach comhalta den Bhord agus gach ball foirne den Bhord Pleanála a bheith eolach ar fhorálacha an Chóid seo agus ba chóir an Cód seo a léamh agus a thuiscint mar go n-ionchorpraítear ann aon bheartais, treoir agus

nósanna imeachta breise a d'fhéadfadh an Bord Pleanála a ghlacadh ó am go chéile.

1.5 Daoine atá Clúdaithe ag an gCód

Baineann an Cód seo le comhaltaí Bhord an Bhoird Phleanála (an “**Bord**”)¹ agus go ginearálta le **gach** ball foirne agus gach duine

a fhostaíonn an Bord i ndualgais a bhaineann lena fheidhmeanna maidir le cásanna pleanála a chinneadh, ach amháin go bhfuil ceanglais **bhlíantúla** nochta faoi reachtaíocht maidir le leasanna nach mbaineann **ach** le: (i) comhaltaí an Bhoird agus (ii) foireann na cigireachta agus foireann riaracháin ag grád Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) nó níos airde. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tugtar “fostaithe forordaithe” orthu seo le chéile ar fud an Chóid seo.

Faoi alt 150(3) den Acht Pleanála, tá sé mar **choinníoll** le ceapadh/fostú comhaltaí Bhord an Bhoird Pleanála agus fostaithe forordaithe de chuid an Bhoird Pleanála agus aon duine eile a mbaineann an Bord Pleanála leas as a sheirbhísí, “**go gcomhlíonfaidh** siad an Cód Iompraíochta”.

Mar sin tá an fhreagracht phearsanta ar gach duine a chinntiú go gcomhlíonann siad an Cód seo, agus is coinníoll é d'oifig nó de phost a shealbhú, a bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar sháruithe air.

1.6 Comhlíonadh an Chóid

Tá dualgas pearsanta ar gach comhalta/ball foirne den Bhord Pleanála:

- a bheith inniúil, macánta, éifeachtach, cúirtéiseach agus gairmiúil i gcomhlíonadh a ndualgas agus ina n-idirghníomhú le pearsanra seachtrach agus inmheánach agus iad i mbun a gcuid oibre,
- caighdeáin chearta ionracais a choimeád, gach dualgas a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an leas coiteann, agus cloí le luachanna seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dílseacht do luachanna an Bhoird Pleanála agus,
- a chinntiú nach gcuireann a n-iompar droch-cháil ar sheasamh an Bhoird Pleanála nó nach ndéanann sé dochar d'fheidhmiú éifeachtach a fheidhmeanna ag an mBord Pleanála.

¹ Ciallaíonn “comhalta den Bhord” an Cathaoirleach nó gnáthchomhalta den Bhord mura sonraítear a mhalairt.

Ní mór gach leas agus caidreamh, gairmiúil nó pearsanta, sa chás go bhfuil, nó gur dócha go measfaí go bhfuil, na leasanna agus an caidreamh ábhartha maidir le hobair an Bhoird Pleanála a bhreithniú de réir an Chóid seo agus a nochtadh nuair is cuí. Is é an tástáil a bheidh ábhartha ní amháin cén rud a mheasfadh comhalta nó ball foirne aonair den Bhord a bheith ina leas nó ina chaidreamh ábhartha, ach ina ionad sin cibé an bhféadfadh duine réasúnta a cheapadh go réasúnach go bhféadfadh an leas nó an caidreamh i dtrácht tionchar a imirt ar an duine aonair i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna. Más ea, ba cheart an leas nó an caidreamh a nochtadh de réir an Chóid seo ionas gur féidir nósanna imeachta cuí a chomhlíonadh.²

1.7 Dualgas Muiníneach Chomhaltaí an Bhoird

Tá dualgas muiníneach ar gach comhalta den Bhord i leith na heagraíochta ar an gcéad dul síos, is é sin gníomhú de mheon macánta agus ar mhaithe le leas na heagraíochta.

Is iad príomhdhualgais mhuiníneacha chomhaltaí an Bhoird:

- gníomhú go hionraic agus go freagrach maidir le seoladh ghnóthaí na heagraíochta laistigh d'éiteas láidir uileghabhálach na seirbhíse poiblí maidir le hionracas agus neamhchlaontacht;
- gníomhú de réir na bhforálacha reachtúla agus na gceanglas rialaithe eile a bhaineann lena ról laistigh den eagraíocht a chomhlíonadh;
- gan leas a bhaint as maoin, faisnéis nó deiseanna na heagraíochta nó iad a úsáid chun a leasa féin nó aon duine eile;
- gan aontú srian a chur ar chumhacht aon chomhalta den Bhord chun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú;
- chun aon choinbhleacht idir dualgais chomhalta den Bhord i leith na heagraíochta agus leas pearsanta chomhalta den Bhord a sheachaint.

1.8 Scaipeadh an Chóid Iompraíochta

Scaipfear an Cód Iompraíochta seo (agus aon leagan nuashonraithe) ar gach pearsanra agus foilseofar an Cód ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Phleanála freisin. Iarrfar ar chomhaltaí agus foireann uile an Bhoird a admháil go bhfuarthas an Cód agus go dtuigeann siad é.

² Más gá, féadfar caidreamh áirithe a nochtadh ar bhonn rúnda/riachtanas eolais don Rannóg Acmhainní Daonna ionas gur féidir aon mhaoluithe riachtanacha chun coinbhleacht leasa agus/nó braistint de chlaonadh oibiachtúil a chosc a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí gnó oibriúcháin.

1.9 Athbhreithniú Tréimhsiúil ar an gCód

Féadfaidh an Bord an Cód seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ó am go chéile (agus aon bheartais, treoir nó nósanna imeachta a bhaineann leis), agus sa chás sin cuirfear an Cód nuashonraithe chuig gach pearsanra agus foilseofar é ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála. Díreoidh an eagraíocht ina hiomláine ar athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar riachtanais fhoriomlána eitice agus nósanna imeachta rialachais gaolmhara agus éascófar é seo trí obair aonad tiomnaithe rialachais agus eitice laistigh den eagraíocht.

1.10 Pointe Teagmhála le haghaidh Fiosrúcháin

Má bhíonn aon cheisteanna ag aon chomhalta nó ball foirne den Bhord nó ag duine seachtrach atá fostaithe ag an mBord, cibé acu i ndáil leis an gCód seo go ginearálta nó i dtaobh an mbeadh gá le nochtadh leasa nó caidreamh i gcúinsí sonracha (i leith a leasanna féin nó leasanna chomhalta/fostaí eile den Bhord), ba cheart dóibh comhairle a lorg gan mhoill mar seo a leanas:

- I gcás comhaltaí an Bhoird, ón gCathaoirleach, Leas-Chathaoirleach nó Rúnaí;
- I gcás baill foirne nó duine seachtrach ón bPríomhoifigeach, Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha nó Rúnaí.

Maidir leis na hoibleagáidí sonracha ar chomhaltaí den Bhord agus ar fhostaithe ainmnithe faoin EIOP, tá cead ag aon duine a thagann faoi fhorálacha an EIOP comhairle a lorg go díreach ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí maidir lena n-oibleagáidí.

2. Nochtadh / Coinbhleachtaí Leasa

2.1 Forbhreathnú

Tá roinnt ceanglais reachtúla ann a bhaineann le dearbhú leasanna áirithe. Faoin Acht Pleanála agus an EIOP:

- (i) tá gach comhalta den Bhord agus fostaí forordaithe³, faoi réir ceanglas chun dearbhú leasanna bliantúil a dhéanamh; agus
- (ii) ceanglaítear ar gach comhalta den Bhord, ball foirne agus duine seachtrach a fhostaíonn sé nochtadh cás ar chás a dhéanamh ar aon leas atá ábhartha d'aon achomharc, cinneadh nó ábhar eile a bhaineann le feidhm ar leith de chuid an Bhoird Pleanála.

I dteannta na n-oibleagáidí nochtaithe faoin reachtaíocht, chun an leibhéal is airde muiníne agus iontaoibhe poiblí sa Bhord Pleanála a choimeád agus chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a chuid oibríochtaí a chinntiú, tá beartais sa Chód seo freisin trína bhféachtar leis nach mbeidh aon “chlaonadh oibiachtúil” (nó go deimhin aon bhraistint go bhféadfadh claonadh oibiachtúil a bheith ann) i bpróiseas cinnteoireachta an Bhoird Phleanála. Sonraítear na beartais seo i mír 2.3 thíos.

Iarrfar ar phearsanra seachtrach a fhostaíonn an Bord Pleanála ar dhualgais a bhaineann le cásanna pleanála seiceáil coinbhleachta a dhéanamh agus an toradh a dhoiciméadú sula ndeimhnítear an fostú.

2.2 Dearbhuithe Reachtúla agus Nochtadh faoin Acht Pleanála agus Forálacha Coibhéiseacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

Is faoi gach duine aonair é comhlíonadh na gceanglas reachtúil faoin Acht Pleanála agus faoin EIOP a bhainistiú toisc gur ar **an duine aonair** atá an dualgas cloí leis. Éascaíonn an Bord Pleanála an próiseas seo trí fhoirmeacha ábhartha a scaipeadh agus meabhrúcháin/treoir a eisiúint maidir leis na dualgais seo. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tugtar achoimre thíos ar na ceanglais reachtúla maidir le nochtadh faoin Acht Pleanála agus faoin EIOP.

³ Le fostaithe “ainmnithe” nó “forordaithe” bhaineann an ceanglas maidir le dearbhuithe bliantúla a dhéanamh. “Daoine forordaithe” atá luaite sa reachtaíocht phleanála ach “daoine ainmnithe” atá luaite san EOIP. I dtéarmaí praiticiúla, áfach, i gcás an Bhoird Phleanála, tá an chatagóir chéanna pearsanra sa dá shainmhíniú seo – foireann uile na cigireachta agus foireann riaracháin uile an Bhoird Pleanála ag grád Oifigigh Feidhmiúcháin agus níos airde.

2.2.1 Nochtadh Bliantúil faoin Reachtaíocht Pleanála

Ceanglaítear le hAlt 147 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú (“an **tAcht Pleanála**”) ⁴**go dtabharfaidh** comhaltaí an Bhoird agus fostaithe forordaithe dearbhú bliantúil maidir le leasanna i dtalamh (seachas teach príobháideach), agus aon ghnó nó baint le déileáil le talamh nó talamh a fhorbairt.

folaíonn “leasanna” chun críocha a.147 aon ⁵leasanna de chuid an duine agus d’aon ainmní de chuid an duine nó d’aon chuideachta nó comhlachta eile ar comhalta de ainmní an duine.

Tá **foirm fhorordaithe** ann le haghaidh dearbhuithe bliantúla a.147, ar féidir í a fháil ón Rúnaíocht am ar bith. Scaiptear an fhoirm seo freisin ar gach comhalta den Bhord agus ar gach fostaí forordaithe gach bliain lena comhlánú.

Tá dualgas ar an mBord Pleanála clár leasanna dearbhaithe a choinneáil, atá ar oscailt lena **iniúchadh ag an bpobal**. Ní mór faisnéis a chuirtear ar an gclár seo a choinneáil ar feadh tréimhse suas le 5 (cúig) bliana tar éis don duine ábhartha scor de bheith ina chomhalta den Bhord/ina fhostaí forordaithe.

Athrú ar chúinsí: Má thagann athrú ar do chúinsí pearsanta i rith na bliana sa chaoi is go n-athródh sé dearbhú a comhlánaíodh roimhe seo faoi alt 147 (i.e. aon athrú ar leas/leasanna reatha nó éadail leasa/leasanna nua), d’fhéadfadh dearbhú leasaithe a bheith ag teastáil. Má tá amhras ort, ba chóir duit dul i gcomhairle leis na pointí teagmhála ainmnithe mar atá leagtha amach in alt 1.9 den Chód seo.

Foráiltear in alt 147(4) den Acht Pleanála go measfar go bhfuil duine ag comhlíonadh na gceanglas chun fógra a thabhairt faoi athrú ar chúinsí má thugann an duine dearbhú don Bhord **ar an lá** a dtarlaíonn an t-athrú, nó a fhaightear an leas eile. Ba chóir do chomhaltaí agus d’fhoireann an Bhoird cuimhneamh air seo agus iad ag dul ar aghaidh le haon idirbheart a bhféadfadh athrú cúinsí a bheith mar thoradh air.

Measann an Bord Pleanála freisin go bhfuil sé stuama, i gcás ina scoireann leas a fhógraítear i ndearbhú ag pointe ama de bheith ina leas den sórt sin, go míneofaí i meamram don eagraíocht an chúis atá leis an easnamh ó dhearbhuith ina dhiaidh sin.

⁴ ciallaíonn “daoine forordaithe” fostaithe de chuid an Bhoird agus aon duine eile a mbaineann an Bord leas as a sheirbhísí, agus atá forordaithe chun críocha a.147. Go praiticiúil, is é seo an fhoireann chigireachta ar fad agus gach ball d’fhoireann riaracháin ABP ag grád EO agus níos airde.

⁵Tá roinnt eisceachtaí ann maidir leis an gceanglas seo – m.sh. le haghaidh leasanna iargúlta nó neamhshuntasacha nó scairsheilbh i gcuideachta/chomhlacht eile a bhfuil an luach níos lú ná €13,000 nó 1% den scairchaipiteal eisithe. Tá tuilleadh eolais ar na heisceachtaí seo leagtha amach sna nótaí a ghabhann le foirm alt 147.

Éilíonn an Bord Pleanála freisin ar gach comhalta den Bhord foirm thuairisceáin alt 147 a chur isteach fiú mura bhfuil leasanna ar bith ag comhalta le dearbhú agus an fhíric sin a chur in iúl ar an bhfoirm.

2.2.2 Nochtadh Ad Hoc / Cás ar Chás faoi Reachtaíocht Pleanála

Ceanglaíonn Alt 148 den Acht Pleanála ar chomhaltaí agus ar fhostaithe den Bhord, nó ar dhaoine áirithe eile atá fostaithe ag an mBord, cineál aon leasa⁶ airgid (i.e. airgeadais) nó leasa tairbhiúil eile⁷ atá ag duine den sórt sin in aon achomharc, trácht, ceist, cinneadh nó díospóid, nó atá ábhartha d'aon cheann díobh sin, a bheidh le cinneadh ag an mBord, a nochtadh.

Fágfar an duine as an áireamh ansin ó aon phlé nó breithniú ar an ábhar agus ní fhéadfaidh sé tionchar a imirt ar aon chinneadh de chuid an Bhoird a bhaineann leis an ábhar sin ná féachaint le tionchar a imirt air agus ní mór dó cloí le haon treoracha a thabharfaidh an Bord maidir leis an ábhar.

Murab ionann agus a.147, níl aon fhoirm forordaithe faoin dlí maidir le nochtadh faoi a.148.

Cuirtear faisnéis a chuirtear ar fáil de bhun a.148 ar chlár inmheánach arna choimeád ag an Rúnaíocht maidir le gach fógra den sórt sin.

⁶Tá roinnt eisceachtaí ar na ceanglais in alt 148 – m.sh. le haghaidh leasanna iargúlta nó neamhshuntasacha nó scairshealbhóireacht i gcuideachta/chomhlacht eile inar lú ná €13,000 a luach nó 1% den scairchaipiteal eisithe. [Tá tuilleadh faisnéise ar na heisceachtaí sin leagtha amach sna nótaí a ghabhann le foirm a. 148.]

⁷ Meastar go bhfuil “leas tairbhiúil” ag duine i gcás ina mbíonn sé/sí nó a c(h)éile/páirtnéir sibhialta (nó ainmní ar bith aige/aici nó a gcéile nó páirtnéir sibhialta):

- mar bhall de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici i rún, foriarratas, ceist nó ábhar eile a bheidh le cinneadh ag an mBord;
- i gcomhpháirtíocht le nó fostaithe ag duine a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici i rún, tairiscint, ceist nó ábhar eile den sórt sin nó atá ábhartha maidir leis an méid sin;
- mar pháirtí in aon chomhshocráíocht nó comhaontú (cibé acu infhorghníomhaithe nó nach ea) maidir le talamh lena mbaineann rún, tairiscint, ceist nó ábhar eile den sórt sin; nó
- i seilbh leas tairbhiúil i rún, tairiscint, ceist nó ábhar eile, nó ábhartha maidir le haon cheann díobh sin.

2.2.3 Forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Chomh maith leis na ceanglais nochtaithe faoin Acht Pleanála mar a achoimrítear thuas, tá ceanglais nochta comhchosúla ann faoi na hAchtanna um Eitic. Ní mór do gach comhalta den Bhord agus gach duine a bhfuil “post ainmnithe”⁸ acu leis an mBord Pleanála a chinntiú freisin go gcomhlíontar forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 (“na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí” (“na hAchtanna um Eitic in Oifigí Phoiblí”, i dteannta a chéile).

Cosúil leis an Acht Pleanála, is ar an duine aonair i dtrácht, seachas ar an eagraíocht, a bheidh na dualgas nochtaithe faoin EIOP. Chun cabhrú le comhlíonadh, tá “Treoirínte maidir le Comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001” foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (“an Coimisiún”) ar féidir teacht air ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

(a) Dearbhú Leasa Bhliantúil faoi Acht um Eitic in Oifigí Poiblí

Faoi Alt 17(1)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, tá dualgas ar chomhaltaí den Bhord agus, faoi alt 18(1)(a) den Acht céanna, ar “dhaoine ainmnithe”, ráiteas **bliantúil** faoi alt 18(1)(a) den Acht céanna a ullmhú maidir le “leasanna”⁹ dá gcuid a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine i gcomhlíonadh fheidhmeanna an

⁸ Tagann foireann uile na cigireachta agus gach ball foirne riaracháin ag grád EO agus níos airde laistigh den sainmhíniú seo.

⁹ ciallaíonn “leasanna” chun críocha EOIP na catagóirí leasanna inchláraithe mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal a ghabhann le EOIP, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do):—

- ceird, gairm, fostaíocht nó slí bheatha eile ar luach saothair, ar mó ná €2,600 an luach saothair;
- sealúchas scaireanna, bannaí, bintiúir nó infheistíochtaí dá leithéid i gcuideachta nó i ngnóthas eile ar mó ná €13,000 a luach;
- stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht ar aon chuideachta;
- aon leas i dtalamh (lena n-áirítear conarthaí le haghaidh ceannach/díola nó roghanna ar thalamh ach gan teach príobháideach an duine agus/nó a gcéile/páirtnéir sibhialta a áireamh) ar mó ná €13,000 a luach;
- bronnantas a thugtar don duine/dá gcéile/páirtnéir sibhialtaleanaí) murar bronnantas é ar chúiseanna pearsanta amháin nó ar fiú níos lú ná €650 é;
- maoín a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht nó seirbhísí a soláthraíodh don duine/dá gcéile/páirtnéir sibhialta nó mura bronnantas é ar chúiseanna pearsanta amháin nó ar fiú níos lú ná €650 a luach;
- saoráidí taistil, lóistín, béilí nó siamsaíocht áirithe mura bronnantas é ar chúiseanna pearsanta amháin nó ar fiú níos lú ná €650 a luach;
- post ar luach saothair mar bhrústocaire polaitiúil nó gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir; agus
- aon chonradh (ar fiú níos lú ná €6500 a luach) a bhfuil nó a raibh an duine ina pháirtí ann, nó leas díreach nó indíreach a bheith aige/aici ann, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d’Aire nó do chomhlacht poiblí.

duine toisc go bhféadfadh an comhlíonadh sin difear a dhéanamh do na leasanna sin ionas go dtabharfaí nó go gcoinneofaí siar sochar substaintiúil don duine (nó do chéile/páirtneir sibhialta/leanbh an duine sin).

folaíonn “leasanna” chun na gcríoch sin aon leasanna de chuid céile/páirtneir sibhialta an duine nó ar leanbh(leanaí) an duine nó de chuid leanbh/leanaí céile/páirtneir sibhialta an duine a bhfuil **fíor**-eolas ag an duine orthu.

Ní mór foirmeacha le haghaidh nochtadh bliantúil faoin EIOP a chomhlánú gach bliain agus, i gcás chomhaltaí an Bhoird, a thabhairt don Bhord Pleanála agus don Choimisiún. Ní gá do dhaoine ainmnithe (i.e. iad siúd nach comhaltaí den Bhord iad) ach dearbhuithe a chur ar ais chuig an mBord Pleanála. Tá foirm fhorordaithe ann a scaipeann an Bord Pleanála ar an bpearsanra ábhartha gach bliain lena comhlánú agus is féidir í a fháil ón Rúnaí ag am ar bith. Féadfaidh an Bord Pleanála aon tarchur dearbhuithe riachtanacha chuig an gCoimisiún a shocrú.

Cé nach bhfuil aon cheanglas reachtúil ann déanamh amhlaidh, molann an Coimisiún gur cheart don phearsanra ábhartha ráiteas “**nialais**” a chomhdú mura bhfuil aon leasanna le dearbhú maidir le bliain ar leith.

I gcás ina dtagann athrú ar leas chun cinn, féadfar ráiteas athbhreithnithe a chur ar fáil am ar bith.

(b) Nochtadh i Leith Feidhmeanna an Bhoird / Daoine Ainmnithe – Alt 17(1)(b) agus Alt 18(1)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Chomh maith leis an ráiteas leasanna bliantúil dá dtagraítear thuas, ceanglaíonn a.17 agus a.18 den EIOP, 1995 freisin ar chomhaltaí den Bhord agus ar dhaoine ainmnithe ráiteas a thabhairt ag an am a bhfuil feidhm oifigiúil le comhlíonadh ag an duine, agus fios iarbhír a bheith ag an duine sin go bhfuil “leas ábhartha”¹⁰ ag an duine, nó ag “duine atá bainteach”¹¹ leis an duine i ní lena mbaineann an fheidhm.

¹⁰ Tá “leas ábhartha” ag duine nó ag duine bainteach i ní más amhlaidh:

- (a) i gcás chomhlíonadh feidhme a (h)oifige/p(h)ost ainmnithe ag an duine, nó
- (b) i gcás aon chinnidh arna dhéanamh i ndáil leis an duine nó i gcúrsa nó mar thoradh ar chomhlíonadh feidhme den sórt sin ag an duine, maidir leis an ní sin, a bhféadfaí a bheith mar thoradh air sochar suntasach **a thabhairt** don duine nó don duine bainteach nó **a choimeád siar** uaidh nó go mbeadh caillteanas suntasach, dliteanas, pionós, forghéilleadh, pionós nó míbhuntáiste eile ann don duine gan é a thabhairt freisin do dhaoine i gcoitinne nó d’aicme daoine de líon suntasach ag féachaint do na himthosca go léir, nó é a choinneáil siar nó é a fhorchur orthu agus ar ball de an duine nó an duine bainteach.

¹¹ folaíonn “duine bainteach” gaol (deartháir, deirfiúr, tuismitheoir, céile nó leanbh (nó leanbh le céile)), páirtí gnó, iontaobhaí aon iontaobhais chun tairbhe an duine (nó a leanaí), agus cuideachtaí arna rialú ag an duine (leis/léi féin nó in éineacht lena p(h)áirtithe bainteacha).

I gcás ina bhfuil leas ábhartha ag comhalta den Bhord/duine ainmnithe in ábhar áirithe a bhaineann le feidhm atá le comhlíonadh ag an duine sin, foráiltear in Acht 1995:

Nach mór do **chomhaltaí an Bhoird**, a luaithe is féidir, ráiteas i scríbhinn ar na fíricí ábhartha a ullmhú agus a chur ar fáil do chomhaltaí eile an Bhoird, agus:

- (i) ní chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm mura bhfuil cúiseanna láidre a cheanglaíonn ar an gcomhalta déanamh amhlaidh, agus
- (ii) déanfaidh sé, má bheartaítear an fheidhm a chomhlíonadh, ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna láidre a ullmhú agus a thabhairt do chomhaltaí eile an Bhoird agus don Choimisiún, roimh an gcomhlíonadh sin nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir tar éis an chomhlíonta sin.

Ní mór do **dhaoine ainmnithe**, a luaithe is féidir, ráiteas i scríbhinn ar na fíricí ábhartha a ullmhú agus a thabhairt, agus:

- (i) ní chomhlíonfaidh siad an fheidhm mura bhfuil cúiseanna láidre a cheanglaíonn ar an duine déanamh amhlaidh, agus
- (iii) déanfaidh sé, má bheartaíonn an duine an fheidhm a chomhlíonadh, ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna láidre a ullmhú agus a thabhairt don Bhord Pleanála, roimh an gcomhlíonadh sin nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir tar éis an chomhlíonta sin.

Mar is amhlaidh i gcás ráitis bhliantúla faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, foráiltear in alt 29(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go bhféadfar ráiteas athbhreithnithe a chur ar fáil tráth ar bith sa chás go dtagann athrú ar leasanna ábhartha chun cinn.

2.3 Claonadh oibiachtúil

I dteannta na n-oibleagáidí nochtaithe faoi reachtaíocht a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, tá forálacha sa Chód seo a fhéachann le féidearthacht, nó *braistint* de, “**chlaonadh oibiachtúil**” a sheachaint i bpróisis chinnteoireachta an Bhoird Pleanála.

Is deacair an coincheap “claonadh oibiachtúil” a shainiú agus is coincheap cás-shonrach agus fíric-shonrach é go hiondúil é. Is í an tástáil ghinearálta a chuirtear i bhfeidhm ná an gcreidfeadh *duine réasúnta, a bhfuil na fíricí ábhartha ar fad ina sheilbh aige/aici, le réasún* go bhfuil an baol ann nach mbeidh an próiseas cinnteoireachta cothrom agus neamhchlaonta.

Chun cabhrú le gach duine sa Bhord Pleanála a gcuid dualgas oibre a chomhlíonadh, lena n-áirítear déileáil le cásanna chomh gasta agus is féidir agus de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe, agus ag an am

céanna na rioscaí a bhaineann le ‘claonadh oibiachtúil’ a íoslaghdú, leagtar síos na forálacha seo a leanas.

Bheifí ag súil go ginearálta nár cheart do chomhaltaí an Bhoird, baill foirne agus pearsanra seachtracha arna bhfostú ag an mBord Pleanála déileáil go comhfhiúch le cás ar bith a bheidh le cinneadh ag an mBord Pleanála nó páirt a ghlacadh ann:

- laistigh de “gharchomharsanacht” shainaitheanta an duine (féach (a) thíos);
- i gcás ina mbaineann sé le teaghlach duine nó le duine/daoine eile a bhfuil aithne mhaith orthu ar bhonn pearsanta; (féach(b) thíos);
- i gcás ina raibh aon bhaint acu roimhe seo sa chás, ar bhonn pearsanta, nó thar ceann fostóra roimhe sin, nó mar bhall d’aon eagraíocht nó comhlacht eile;
- i gcás ina mbaineann an cás le húdarás pleanála nó le haon eagraíocht oibre ina raibh an duine fostaithe ann le linn na tréimhse dhá bhliain roimhe sin nó le haon eagraíocht dheonach nó ghairmiúil a bhfuil an duine ina b(h)all di nó a raibh an duine ina b(h)all de le linn na tréimhse dhá bhliain roimhe sin; nó
